

STRAITÉISÍ TÓGÁLA CHUN ANAILÍS A DHÉANAMH AR INNEACHAR MEÁIN AGUS EOLAS

1. LÉAMH CLIATHÁNACH

Is straitéis seiceála fíricí é léamh cliathánach a úsáidtear chun inchreidteacht an eolais ar líne a mheas. Is ó thaighde a rinne an Stanford History Education Group (SHEG) a tháinig an choincheap seo, agus tá sé in úsáid go forleathan anois ag lucht seiceála fíricí.

Tá an smaoineamh simplí go maith: in áit anailís dhomhain a dhéanamh ar an ábhar atá ar leathanach, alt, nó post (léamh ingearach), fágann daoine an leathanach chun feiceáil céard atá le rá ag daoine eile faoin bhfoinse nó faoin ábhar, ag oscailt táb nó fuinneoga nua chun peirscpictíochtaí nó fianaise sheachtrach iontaofa a chuardach. Spreagann an cur chuige seo daoine chun clú an foinse agus bailíocht an ábhair a fhiosrú trí é a chur i gcomparáid le hacmhainní eile atá ar fáil.



Cuidíonn léamh cliathánach leat cinneadh a dhéanamh maidir le hiontaofacht, rún agus claonadh an fhoinse trí ábhar den topaic céanna a chuardach i bhfoinsí eile, go háirithe cinn údarásacha, amhail ionaid taighde, ollscoileanna, foinsí nuachta creidiúnacha agus seiceálaithe fíricí, ionas gur féidir leat a sheiceáil conas a chluadaíonn siad é.

Má tá creidiúnacht an údair nó an tsaineolaí á seiceáil agat, mar shampla, is féidir leat ailt eile a scríobh siad a sheiceáil, nó a gcáilíochtaí a sheiceáil trí bhreathnú ar institiúidí ar oibrigh siad ann cheana nó a bhfuil siad ag obair leo anois.

Roinnt ceisteanna maidir le léamh cliathánach:

- Cé leis an ardán nó cé a dhéanann urraíocht ar an ardán inar foilsíodh an bunábhar?
- Céard atá le rá ag foinsí údarásacha eile faoin bhfoinse, faoin údar nó faoin ábhar a foilsíodh?
- An dtugann saineolaithe inchreidte nó institiúidí tacaíocht don ábhar?
- An bhfuil foinsí iontaofa nuachta ag tuairisciú ar an ábhar céanna?
- An ndearna ardáin iontaofa an t-eolas a sheiceáil?
- An dtagann an méid a aimsíonn tú i bhfoinsí eile leis an ábhar bunaidh?



- Céard é an dáta foilsithe, agus an mbaineann sé leis an gcomhthéacs?

Má fhaigheann tú go leor eolais i bhfoinsí iontaofa a bhfuil meas orthu a dhearbhaíonn ábhar an bhunscéal, beidh níos mó muiníne agat as a chreidiúnacht.

2. FOINSE NUACHTA A MHEAS

Cén chaoi a bheidh a fhios agat an bhfuil foinse nuachta iontaofa? Is féidir leis na céimeanna seo a leanas cabhrú leat leis an measúnú seo a dhéanamh.

- A. Déan an clúdach nuachta agus codanna éagsúla den fhoilseachán a **mheas**. Go hidéalach, téigh trí ailt agus scéalta nuachta éagsúla chun a gcáilíocht agus a gcaighdeáin a sheiceáil. Ní hamháin go dtabharfaidh foinsí creidiúnacha tráchttaireacht agus tuairim faoi chúrsaí reatha, mar shampla. Déanfaidh siad infheistiú in iriseoirí gairmiúla a thabharfaidh tuairisciú bunaidh.



- B. Úsáid **léamh cliathánach** chun tuilleadh a fhoghlaim faoin bhfoinse nuachta. Úsáid inneall cuardaigh chun a bhfuil le rá ag foinsí eile faoin bhfoilseachán a sheiceáil. Mar shampla, is féidir leat seiceáil an bhfuil sé de cháil ag an bhfoinse ábhar bréagach nó míthreorach a fhoilsiú; má tá sé faoi úinéireacht nó maoinithe ag daoine, grúpaí nó rialtais neamhiontaofa; nó más foilseachán aoir é.
- C. **Seiceáil** an gcloíonn an fhoinse le caighdeáin iriseoireachta, amhail neamhspleáchas (gan aon choinbhleacht leasa), cothroime (gan fabhar nó claontacht), cuntasacht (botúin a aithint agus a cheartú), cothromaíocht (peirspictíochtaí a sheiceáil), trédhearcacht (eolas soiléir faoi úinéireacht, cé tháirgeann an t-ábhar srl.), agus cruinneas (fíricí a fhíorú sula bhfoilsítear iad).
- D. **Anailís** a dhéanamh ar an teanga. Seachnóidh foinsí nuachta creidiúnacha teanga neamhfhoirmiúil, is annamh a bheidh earráidí gramadaí nó litrithe iontu, agus ní bhainfidh siad úsáid as focail ná nathanna cainte idirdhealaitheacha. Ina theannta sin, níor cheart a bheith ag súil le húsáid teanga dochreidte nó teanga a bhfuil áibhéil ag baint leis ar cheannlínte i bhfoinsí nuachta iontaofa chun aird daoine a tharraingt (clícmhealladh mar a thugtar air).



3. DEARBHÚ ÍOMHÁNNÁ AGUS FÍSEÁIN

Chun bunús agus bailíocht na n-íomhánna a mheas, is féidir leat an íomhá a scrúdú le haghaidh neamhréireachtaí i scáthanna, scáileanna, soilsiú, peirspictíocht agus comhréireanna. D'fhéadfadh go léireodh íomhánna ionramháilte botúin caolchúiseacha sna réimsí seo. Bíodh amhras ar leith ort faoi ghrianghraif a bhfuil téacs iontu (mar shampla, áit a bhfuil duine le póstaer nó comhartha ina lámha), mar go bhfuil sé an-éasca an téacs laistigh den íomhá a athrú nó tuilleadh a chur leis.

Is féidir leat freisin an comhthéacs ina n-úsáidtear an íomhá a fheiceáil chun féachaint an dtagann sé leis na himeachtaí nó na cásanna a bhfuil sé ceaptha a léiriú. Agus, ar ndóigh, smaoinigh ar an áit a bhfuarthas an íomhá agus iontaofacht na foinse.

Bíonn sé deacair ionramháil a aithint i bhfíseáin mar gheall ar an bhfeabhs atá tagtha ar theicneolaíocht an domhainbhrionnaithe agus uirlisí eagarthóireachta sofaisticiúla eile. Mar sin féin, díreach cosúil le híomhánna, is féidir leat neamhréireachtaí a lorg san fhíseán, amhail soilse neamhrialta, scáthanna, agus gothaí gnúise.



Chomh maith leis sin, ba cheart duit aird a thabhairt ar an bhfuaim: is féidir le neamhréireanna sa ghutha agus sa chaint a léiriú go ndearnadh an t-ábhar a ionramháil.

Cuardach Claoníomhá

Cuardach claoníomhá a thugtar ar cheann de na huirlisí is mó a úsáideann seiceálaithe fíricí chun íomhánna a scrúdú ar líne. Is féidir leat an uirlis seo a úsáid, ag baint úsáide as ardáin ar nós Google nó TinEye, chun cabhrú leat bunús íomhá a aimsiú nó an áit ar úsáideadh ar líne í a fháil amach.

D'fhéadfadh íomhánna cosúla, suíomhanna gréasáin nó postálacha meán sóisialta ina bhfuil an íomhá, agus méideanna eile den íomhá a bheith i dtorthaí cuardaigh féideartha. Is féidir leis an uirlis seo feisin leaganacha atá athraithe ón mbuníomhá a aithint.

Mar a oibríonn sé:

- Uaslódálann tú íomhá nó tugann tú URL an íomhá.
- Déanann an t-inneall cuardaigh anailís ar ghnéithe éagsúla den íomhá, amhail dathanna, uigeachtaí, cruthanna agus patrúin.
- Bunaithe ar na gnéithe seo, déanann an t-inneall cuardaigh a bhunachar sonraí a scanadh chun íomhánna cosúla nó



comhionanna a aimsiú, ag tabhairt liosta torthaí nuair a bhíonn an íomhá nó cinn chomhchosúla le feiceáil ar líne.

- De ghnáth beidh naisc chuig na leathanaigh ina bhfaightear na híomhánna i ngach toradh, rud a d'fhéadfadh comhthéacs nó eolas breise a tabhairt faoi na híomhánna.

Treoir chun claoníomhá a chardach ó Snopes, ardán chun fíricí a sheiceáil:

- <https://www.snopes.com/articles/400681/how-to-perform-reverse-image-searches/>

Déanann an físeán seo ó *Crash Course* plé ar mar bac heart dúinn grianghraif agus físeáin a mheas.

- <https://www.youtube.com/watch?v=p7uvqb8fcdA&list=PL8dPuuaLjXtN07XYqqWSKpPrtNDiCHTzU&index=8>

NÍOS MÓ LE FOGHLAIM



Ar mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi litearthacht sna meáin agus do chuid eolais agus scileanna a fheabhsú chun dul i ngleic le fadhb an bréageolais? Breathnaigh ar na hacmhainní ar shuíomh Gréasáin Litearthacht sna Meáin, Éire:

<https://www.medialiteracyireland.ie/training-development/>

Is féidir leat na hacmhainní a scagadh de réir ábhair, aoise, cineáil agus cuspóra chun tuairiscí, ailt nuachta, pleananna ceachta, físeáin, cluichí ar líne, tráth na gceist, láithreáin ghréasáin agus go leor eile a aimsiú.

